

Naomh Bríd

Ban-Ab agus Leas-Éarlámh na hÉireann

1 Feabhra, 2023

Cnuasach de théacsanna Gaeilge don mhachnamh pearsanta



(Íomhá: Wikipedia. Culnacreann, Cros Bhríde. Ceadúnas sannta *Creative Commons*, 2008: GFDL, CC-BY 3.0)

Réamhrá

(Leagan Gaeilge dár foilsíodh ar shuíomh gréasáin Chomhdháil Easpag Chaitliceacha na hÉireann do Lá Fhéile Bríde, 2022, ag <https://www.catholicbishops.ie/2022/01/31/feast-of-saint>)

Tá clú ar Naomh Bríd de bharr a féile, a déirce, a crógachta agus a cúraim do na heasláin. Rugadh Naomh Bríd sa bhliain 454 agus bhunaigh sí mainistir dhúbailte i gCill Dara le cúnamh ón Easpag Connlaodh. De réir an bhéaloidis, bhain Bríd leas as Cros Bhríde chun an creideamh Críostaí a mhíniú agus tá an chros ina siombail i gcónaí ar dhídean Dé.

Agus iad ag labhairt faoi Naomh Bríd le déanaí, dúirt an tEaspag Donncha Mac an Ultaigh, Easpag Chill Dara, agus an tEaspag Pádraigín Storey, Easpag Eaglais na hÉireann don Mhí agus Cill Dara:

“Tá go leor rudaí i gceist le Bríd do go leor daoine. Tá baint láidir ag siombailí agus scéalta lena saol.

“Rugadh Bríd thart ar an mbliain 454 agus fuair sí bás thart ar an mbliain 524. Do lucht an chreidimh, léiríonn Bríd an t-aistriú sin ón bpágántacht go dtí an

Chríostaíocht in Éirinn Cheilteach. Sa bhliain 480 bhunaigh sí a mainistir i gCill Dara – is é sin, séipéal an chrainn darach. Tá an t-amhrán faoin tslí ar chlúdaigh brat Bhríde an ceantar ar a dtugtar an Currach inniu, Páirc Naomh Bríd, ar eolas ag gach páiste scoile. Tá Bríd nasctha leis an talamh agus an talmhaíocht, leis an treabhdóireacht agus le bheith ag cur is ag crú is ag déanamh ime ach go háirithe – agus, ar ndóigh, le creideamh bríomhar Críostaí.

“Ba í croí na féile í.

“Is cuí go dtabharfar onóir do Naomh Bríd le saoire phoiblí nua. Mar naomh tánaisteach in Éirinn, le tús áite tugtha do Phádraig, bhí sí cailte rófhada faoina scáth. Cuirimid fáilte ó chroí roimh an nuacht go bhfuil aitheantas mar is cuí – agus i bhfad thar am – á thabhairt do Bhríd.”

Sleachta as na Scrioptúir

An Chéad Léacht

(Sliocht as *Laoi na Laoithe* 8: 6-7, arna thógáil as ‘Féile Naomh Bríd’ i *Leabhar Aifrinne an Domhnaigh*, Gaeltarra Éireann, 1978, lch 603)

Cuir mar chomhartha ar do bhrollach mé,
mar fháinne ar do láimh.
Óir ní láidre an bás ná an grá
ní doichte an tÉad ná Tír an Bháis.
Is tine dhóite é, sárlasair.
Díle uisce
ní mhúchfadh an grá,
ná tuile abhann
ní scuabfadh chun siúil é.
An té a thairgfeadh a chuid den saol ar ghrá,
tarcaisne a gheobhadh sé.

Briathar an Tiarna.

Buíochas le Dia.

Salm le Freagra

(Salm 44, arna thógáil as ‘Féile Naomh Bríd’ i *Leabhar Aifrinne an Domhnaigh*, Gaeltarra Éireann, 1978, lch 604)

Freagra: Crom chugam do chluas, a iníon, agus éist liom.

Crom chugam do chluas, a iníon, agus éist liom:
cuir cuimhne do mhuintire féin uait agus teaghlach d’athar.
Óir tabharfaidh an Rí grá is taitneamh do d’áilleacht.

Is é sin do Thiarna, agus umhlaigh thú féin dó. **Fr.**

Tá iníon an Rí gléasta le róbaí órmhaisithe.

Seoltar chun an Rí í faoi éadaí ildathacha.

Seoltar chuige í lena maighdeana coimhdeachta. **Fr.**

Déantar a dtionlacan le lúcháir agus gairdeas,
nuair a ghabhann siad isteach in áras an Rí.

In ionad do shinsir beidh clann mhac de do chuid féin agat.

Ceapfaidh tú ina bhflatha iad ar fud chríocha na cruinne. **Fr.**

Soiscéal

(Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha (Matha 25: 31-40), arna thógáil as an *mBíobla Naofa* [ar líne: <https://www.bible.com/bible/554/MAT.25.ABN>])

Go raibh an Tiarna libh.

Agus le do spiorad.

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

Glóir duit, a Thiarna.

“Nuair a thiocfaidh Mac an Duine ina ghlóir agus na haingil uile in éineacht leis, rachaidh sé ina shuí an uair sin i ríchathaoir a ghlóire. Beidh na náisiúin uile cruinnithe os a chomhair, agus déanfaidh sé na daoine a scaradh ó chéile, mar a scarann an t-aoire na caoirigh ó na gabhair. Cuirfidh sé na caoirigh ar a láimh dheis agus na gabhair ar a láimh chlé. Ansin déarfaidh an rí le lucht na láimhe deise: ‘Tagaigí, a lucht bheannaithe m’Athar, glacaigí mar oidhreacht an ríocht a ullmhaíodh daoibh ó thúsú an domhain. Óir bhí ocras orm agus thug sibh rud le hithe dom, bhí tart orm agus thug sibh rud le hól dom, bhí mé i mo strainséir agus thug sibh aíocht dom, bhí mé nocht agus chuir sibh éadach orm, bhí mé tinn agus tháinig sibh do m’fheiceáil, bhí mé i bpríosún agus thug sibh cuairt orm.’ Freagróidh na fíréin é ansin: ‘A Thiarna, cén uair a chonaiceamar thú agus ocras ort go dtabharfaimis bia duit, nó tart ort go dtabharfaimis deoch duit? Cén uair a chonaiceamar i do strainséir thú go dtabharfaimis aíocht duit, nó nocht go gcuirfimis éadach ort? Nó cén uair a chonaiceamar tinn thú, nó i bpríosún, go dtabharfaimis cuairt ort?’ Agus déarfaidh an rí á bhfreagairt: ‘Deirim libh go fírinneach, sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú de na bráithre seo agamsa, is domsa a rinne sibh é.’

Soiscéal an Tiarna.

Moladh duit, a Chríost.

An Chomaoineach

(arna thógáil as ‘Féile Naomh Bríd’ sa *Leabhar Aifrinn Rómhánach*, Veritas, 2017, lch 825 – bunaithe ar Matha 25: 34, 36, 40)

Tagaigí, a lucht beannaithe m’Athar, a deir an Tiarna.
Bhí mé tinn agus tháinig sibh do m’fheiceáil.
Deirim libh go fírinneach,
sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú dóibh seo,
is domsa a rinne sibh é.

Iomann Traidisiúnta

Gabham molta Bhríde

(An leagan aithnidiúil den dán a chum Tomás Ó Flannghaile sa bhliain 1902 atá le fáil, maille leis an gceol scríofa, sa *Veritas Hymnal*, 1973, lch 121)

Gabham molta Bhríde,
Ionúin í le hÉirinn,
Ionúin le gach tír í,
Molaimis go léir í.

Lóchrann geal na Laighneach
'Soilsiú feadh na tíre,
Ceann ar ógha Éireann,
Ceann na mban ar míne.

Tig an geimhreadh dian dubh
'Gearradh lena ghéire;
Ach ar Lá 'le Bríde
Gar dúinn earrach Éireann.

Searmanas do Dhéagóirí

Tá searmanas in onóir Naomh Bríd a bheadh oiriúnach do dhéagóirí agus do pháistí bunscoile sna hardranganna curtha le chéile ag an tSiúr Mairéad Ní Bhuachalla in *Slí chun Dé: Searmanais Phaidreoireachta do Dhéagóirí*, ar leabhar é atá ar fáil ag <https://www.coqq.ie/wp-content/uploads/Sl%C3%AD-chun-D%C3%A9-.pdf>.

Coisreacan agus Dáileadh na gCros

Sampla 1

(as *Seal i Láthair Dé*, le hEibhlín Ní Challanáin, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2016, lch 18)

Beannaítear na crosa le huisce coisricthe agus an phaidir seo a leanas á rá:

‘Go raibh beannacht an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh ar na crosa seo, ar na háiteanna ina bhfuil siad agus ar gach duine a fhéachann orthu.’

Dáiltear na crosa agus an phaidir seo a leanas á rá:

‘Go dtuga lasair Bhríde spreagadh duit.

Go dtuga cros Bhríde slánú duit.

Go dtuga cruthaíocht Bhríde slí duit. Áiméan.’

Sampla 2

(Leagan Gaeilge den choisreacan atá ar shuíomh gréasáin Chomhdháil Easpaig Chaitliceacha na hÉireann ag <https://www.catholicbishops.ie/2022/01/31/feast-of-saint>)

A Athair gach aon ní a cruthaíodh, agus a Thiarna an tSolais, tá tú tar éis beatha a thabhairt dúinn agus gach ar chruthaigh tú a earbadh dúinn lena úsáid agus le haire a thabhairt dó.

Iarraimid ort do bheannacht a chur ar na crosa seo, atá déanta as luachair ghlas, i gcuimhne ar Bhríd Naofa, a bhain leas as an gcros chun beatha, bás agus aiséirí do Mhic a thabhairt chun cuimhne agus a theagasc.

Go raibh na crosa seo ina gcomhartha ar ár rannpháirtíocht i Rúndiamhair Chásca do Mhic agus ina gcomhartha ar an gcosaint uaitse ar ár mbeatha, ar ár dtalamh agus ar ainmhithe na talún, trí idirghuí Bhríde, i rith na bliana os ár gcomhair amach agus i gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Spréitear na crosa le huisce coiscrithe:

Go raibh beannacht Dé, Athair, Mac agus Spiorad Naomh, ar na crosa seo agus ar na háiteanna ina mbeidh siad ar crochadh agus ar gach duine a bhreathnóidh orthu. Amen.

Beannacht Bhríde ar an Teach

(Leagan Gaeilge den bheannacht atá ar shuíomh gréasáin Chomhdháil Easpaig Chaitliceacha na hÉireann ag <https://www.catholicbishops.ie/2022/01/31/feast-of-saint>)

Go mbeannaí Bríd an teach ina gcónaímid.

Beannaigh gach tinteán, gach balla agus gach doras.

Beannaigh gach croí a bhuaileann faoina dhíon.

Beannaigh gach lámh a shaothraíonn chun go mbeidh sé lán d’áthas.

Beannaigh gach cos a shiúlann thar an tairseach isteach.

Go mbeannaí Bríd an teach a thugann dídean dúinn.

Coiglím an Tine

(Paidir dhúchais ó *Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen* ag https://www.doegen.ie/ga/LA_1086d2 © 2009 Acadamh Ríoga na hÉireann [Ceadúnas sannta *Creative Commons*])

Coiglím an tine mar a choiglíonn Críost cách.
Cuirim Muire idir dhá cheann mo thí agus Bríd ina lár.
Cuirim a bhfuil d'aingil is d'aspail i gCathair na nGrás
ag cosaint mo thí agus a bhfuil ann go lá.

Guí chun Bhríd na Síochána

(Leagan Gaeilge den ghuí atá ar shuíomh gréasáin Chomhdháil Easpaig Chaitliceacha na hÉireann ag <https://www.catholicbishops.ie/2022/01/31/feast-of-saint>)

Ba bhean na síochána thú.
Chruthaigh tú comhréiteach mar a raibh coimhlint.
Las tú solas sa dorchadas.
Thug tú dóchas dóibh siúd a bhí in ísle brí.
Go gcumhdaí brat do shíochána na daoine atá trína chéile agus a bhfuil inní orthu,
agus go raibh an tsíocháin fréamhaithe go daingean inár gcroithe agus inár ndomhan.
Spreag sinn chun gníomhú go cothrom agus chun ómós a thabhairt do gach ar chruthaigh Dia.
A Bhríd, ba ghuth do na daoine gonta thú agus dóibh siúd a raibh tuirse orthu.
Nearthaigh a bhfuil lag ionainn.
Suaimhnigh sinn le go rachaimis chun ciúnais lena gcneasaítear agus ina dtugtar cluas le héisteacht.
Go méadaí ár bhfolláine intinne, coirp agus spioraid in aghaidh an lae. Amen.

Idirghuionna

Sampla 1

(Leagan Gaeilge de Phaidir na Maidine d'Fhéile Naomh Bríd ó shuíomh gréasáin Chomhdháil Easpaig Chaitliceacha na hÉireann ag <https://www.catholicbishops.ie/2022/01/31/feast-of-saint>)

Molaimid an Tiarna Íosa Críost a threoraigh Naomh Bríd ar chonairí an cheartais agus na naofachta; agus guímid go leanaimid a shlí.

Freagra: A Thiarna, bí i do sholas dúinn agus slánaigh sinn.

Trí d'aiséirí, a Thiarna Íosa, tháinig solas nua isteach inár ndorchadas – lig do d'Eaglais bheith ina solas don domhan.

Freagra: A Thiarna, bí i do sholas dúinn agus slánaigh sinn.

Um earrach na bliana, déanaimid ár ndóchas a athnuachan – tabhair dúinn an grásta chun misneach a thabhairt do na daoine go léir a mbuailfimid leo inniu.

Freagra: A Thiarna, bí i do sholas dúinn agus slánaigh sinn.

Tiomnaigh Bríd a saol don urnaí agus d’fhónamh do dhaoine – tabhair ar go leor ban eile a saol a chaitheamh le seirbhís thiomanta agus naofacht na beatha cráifí.

Freagra: A Thiarna, bí i do sholas dúinn agus slánaigh sinn.

A Thiarna Íosa, thug tú an mhian do Bhríd chun fónamh do dhaoine seachas fónamh a bheith á dhéanamh dise – go gcaithimid ár saol ag fónamh do dhaoine eile.

Freagra: A Thiarna, bí i do sholas dúinn agus slánaigh sinn.

Thug tú go raibh toradh fóna ar obair Naomh Bríd – tabhair go mbeidh rath ar obair ár lámh.

Freagra: A Thiarna, bí i do sholas dúinn agus slánaigh sinn.

Sampla 2

(as *Slí chun Dé: Searmanais Phaidreoireachta do Dhéagóirí*, leis an tSiúr Mairéad Ní Bhuachalla, ag <https://www.coqq.ie/wp-content/uploads/Sl%C3%AD-chun-D%C3%A9-.pdf> – tá paidir bhreise faoi chúrsaí crógachta curtha san áireamh anseo thíos)

Bhí creideamh láidir ag Bríd. Chuir sí a muinín go hiomlán i nDia agus tháinig Dia i gcabhair uirthi. Guímis go muiníneach chun Dé mar a rinne Bríd.

1. A Dhia, neartaigh ár gcreideamh, ár ndóchas agus ár ngrá. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

2. Bhí Bríd cineálta leis na bochtáin agus na heasláin. A Dhia, cabhraigh linn aithris a dhéanamh uirthi. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

3. Bhí grá ag Bríd d’ainmhithe, d’éin agus do gach rud a chruthaigh Dia. Múin dúinn, a Dhia, conas aire a thabhairt don timpeallacht. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

4. Bhí Bríd cróga agus sheas sí go misniúil in aghaidh na héagóra. Cabhraigh linn, a Thiarna, bheith cróga in am an aighnis agus na héagóra. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

5. Rinne Bríd réiteach idir daoine. A Dhia, taispeáin dúinn conas an tsíocháin a chothú pé áit ina mbeimid. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

6. A Dhia, tabhair saoirse ó chogadh, ó ghorta agus ón ngéarleanúint dóibh siúd atá ag fulaingt. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

A Dhia, bhronn tú do ghrásta go fial ar Bhríd, chun do ghrá agus do thrócaire a léiriú do mhuintir na hÉireann. Beannaigh ár dtír agus líon ár gcroí le do ghrásta ionas go mbeimid ábalta grá Dé a léiriú, agus síocháin agus aontacht a chothú pé áit ina mbeimid. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Urnaithe Dúchais

(as *Ár bPaidreacha Dúchais*, leis an Ath. Diarmuid Ó Laoghaire, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, 2005, lch 230)

A Bhríd, a Mhuire na nGael

A Bhríd, a Mhuire na nGael,
a Bhríd, scaoil tharam do bhrat
agus coinnigh faoi do chumhdach mé
go mbeidh mé leat i bhflaitheas Dé.

A Bhríd, a Mhuire na nGael,
a Bhríd, leathnaigh orm do bhrat
is coinnigh faoi do thearmann mé
go bhfaighim bás i gcairdeas Dé.

A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael

A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael, scar orainn do bhrat.
A Naomh Bríd, a chroí na féile, stiúir sinn ar an mbóthar ceart.
A Naomh Bríd gheanúil ghrástúil, ar ár namhaid cosain sinn.
A Naomh Bríd, a bhean rialta álainn, ar uair ár mbáis glaoigh orainn.

Beannachtaí

Sampla 1: Beannacht Bhríde

(arna chóiriú as *Gnás an Phósta*, Institiúid Chumarsáide Chaitliceach na hÉireann, 1970, 1980, lch 82)

Síocháin an Athar linn,
Síocháin Chríost linn,
Síocháin an Spioraid linn,
Gach lá agus oíche. Amen.

Coimirce an Athar orainn,
Coimirce Chríost orainn,
Coimirce an Spioraid orainn,
Gach lá agus oíche. Amen.

Beannacht an Athar orainn,
Beannacht Chríost orainn,
Beannacht an Spioraid orainn.
Go coróin na beatha síoraí. Amen.

Bail ó Dhia orainn ó Shamhain go Lá 'le Bríde,
Ó Lá 'le Bríde go Bealtaine,
Ó Bhealtaine go Lúnasa,
Is ó Lúnasa go Samhain.

Sampla 2: Beannacht Shollúnta

(as *An Leabhar Aifrinn Rómhánach*, Veritas, 2017, lch 826)

Dia a thug Naomh Bríd
mar shampla soilseach carthanachta dúinn,
go dtuga sé go mbeidh aird agaibh i gcónaí
ar chruachás na mbocht.
Freagra: Amen.

Sibhse a bheannaíonn do Naomh Bríd
mar Mhuire na nGael,
go bhfaighe sibh ó Íosa, Mac Mhuire,
an luach saothair atá geallta dóibh siúd atá glan ó chroí.
Freagra: Amen.

Go líona Dia sibh lena ghrá

agus onóir á thabhairt agaibh do Naomh Bríd
a raibh a croí agus a meon
mar a bheadh ríchathaoir scíste ann
don Spiorad Naomh.
Freagra: Amen.

Agus beannacht Dé uilechumhachtaigh,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh,
go dtaga sí anuas oraibh agus go bhfana libh de shíor.
Freagra: Amen.

*Arna thiomsú ag Coiste Comhairleach na nEaspag um an Liotúirge i nGaeilge
d'Fhéile Naomh Bríd, 2023.*